# Gaelcholáiste Chill Dara

*Ar thuras léinn is feasa*

# Bileog Eolais

*Eagrán 16*

*09 Eanáir 2026*

### Gaelfachtóir

An lá is fearr i nGCCD gach bliain ná an lá deireanach roimh laethanta saoire na Nollag. Bíonn atmaisféar iontach timpeall na scoile agus bíonn caighdeán tallainne an-ard le feiceáil agus le cloisteáil ar an ardán. Comhghairdeas le 6B, buaiteoirí an comórtas ‘Gaelfachtóir’ 2025!

Tá tuilleadh grianghraf ón lá ar fáil ar ghailearaí na scoile **anseo**.





### Nod staidéir na seachtaine

Scoláirí

Mar rún na hathbhliana, déan plean staidéar agus glac leis. Cabhróidh sé go mór leat dul chun cinn a fheiceáil. Tabharfaidh sé misneach duit.

Caomhnóirí

Cuir ceist ar do pháiste an plean staidéar a fheiceáil agus cuir ceist orthu ó am go ham faoin dul chun cinn atá déanta acu.

### Sacair faoi 19

Bhuaigh cailíní sacair f19 2-1 sa chluiche ceannais Laighean (sinsearach B) inné. Táimid an-bhródúil as gach ball den fhoireann agus buíoch as an lucht féachana a tháinig chun tacú ar an lá. Comhghairdeas le Keeva (2E) agus Ruby (3C) a scóráil an dá chúl do GCCD. Míle buíochas leis an mbainisteoir, Brian, as an obair ar fad leis an bhfoireann.



### Comórtas nua don scoil!

Ghlac Eleanor, Zoe agus Ruby ó 3C páirt i gcomórtas ‘Irish certified Angus calf-rearing schools competition’ Rinne siad cur i láthair iontach do 25 nóiméad Dé Máirt. Anois tá siad ag fanacht ar na torthaí chun a bheith ar an eolas an mbeidh siad sa chraobh i bPáirc an Chrócaigh ar 7 Márta. Beidh le feiceáil!



### Brioscaí Nollag

Rinne scoláirí na hIB brioscaí Nollag roimh an sos chun an tseachtain dheireanach a chéiliúradh roimh na Nollag.



### Cultúr agus meas

Bhí alt san Irish Independent i rith na seachtaine agus físeáin chun dul leis faoin nasc idir Éire/an Ghaeilge agus an Phalaistín. Tá scoláirí GCCD le feiceáil idir 3:01 – 3:21 **anseo** agus iad ag úsáid cúpla frása in Arabís agus Gaeilge. Ag deireadh an fhíseáin, tá an trucail d’Uisce for Gaza íoctha ag teaghlaigh an 6ú bliain le feiceáil. Beidh deis ag daoine cúpla pingin a chur chuig Uisce for Gaza ag na cruinnithe tuistí/múinteoirí a bheidh le teacht - deis roghnach ar ndóigh. Míle buíochas as bhur gcuid tacaíochta go dtí seo.

### Cruinneas na Gaeilge

Botún coitianta:

~~ós~~ comhair (in front of)

An leagan ceart:

os comhair (níl fada ann)

### Turas allamuigh

Bhí rang 6ú bliain tíreolaíochta ag déanamh tástála ar an hipitéis gur próiseas gníomhach é an creimeadh i bhfoirmiú tírghné (V-ghleann) i dtírdhreach abhann.

Úsáideann siad an t-eolas ar fad atá bailithe don tuairisc scríofa gur féidir leo suas chuig 20% a fháil san Ardteist. Chuaigh siad suas chuig ‘Kippure Education Estate’ chun é a dhéanamh.



### Nath Folláine na Seachtaine

D'fhoghlaim mé thar na blianta nuair atá an intinn déanta suas, laghdaíonn sé buairt. Nuair atá a fhios agat cad atá le déanamh, scriosann sé an bhuairt (aistrithe ó fhocail Rosa Parks).

### Dátaí Tábhachtacha

**13 Ean:** Lá traenála - scoil dúnta do scoláirí
**22 Ean:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 5
**29 Ean:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 2
**26 Feabhra:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 1

### Seanfhocal na Seachtaine (16):

Ní mhealltar an sionnach faoi dhó.

# Gaelcholáiste Chill Dara

*Ar thuras léinn is feasa*

*Eagrán 16*

# Bileog Eolais

*09 January 2026*

### Gaelfachtóir

The best day in GCCD each year is the last day before the Christmas holidays. There is a great atmosphere around the school and a very high standard of talent can be seen and heard on stage. Congratulations to 6B, winners of the 'Gaelfachtóir' 2025 competition!

More photos from the day are available in the school gallery **here**.





### Study tip of the week

Students

As a new year's resolution, make a study plan and stick to it. It will really help you to see progress. It will encourage you to keep going.

Guardians

Ask your child to see their study plan and ask them from time to time about their progress.

### U19 Soccer

U19 girls soccer won 2-1 in the Leinster (senior B) cup final yesterday. We are very proud of every member of the team and grateful to the spectators who came to support us on the day. Congratulations to Keeva (2E) and Ruby (3C) who scored the two goals for GCCD. Many thanks to the manager, Brian, for all the work with the team.



### A new competition for the school!

Eleanor, Zoe and Ruby from 3C took part in the 'Irish Certified Angus Calf-rearing Schools Competition' They made a fantastic presentation for 25 minutes on Tuesday. Now they are waiting for the results to find out if they will be in the final in Croke Park on March 7. Watch this space! The 'steaks' are high!



### Christmas Biscuits

TY students made Christmas biscuits before the break to celebrate the last week before Christmas.



### Culture and respect

There was an article in the Irish Independent during the week and videos to go with it about the connection between Ireland/the Irish language and Palestine. GCCD students are seen between 3:01 – 3:21 **here** using a few phrases in Arabic and Irish. At the end of the video, the truck for Water for Gaza paid for by our 6th year families can be viewed. People will have the opportunity to donate a few euro to Uisce for Gaza at the upcoming parent/teacher meetings - completely optional, of course. Thank you so much for your support so far.

### Accuracy in Irish

Common mistake:

~~ós~~ comhair (in front of)

The correct version:

os comhair (without a fada)

### Field trip

The 6th year geography class was testing the hypothesis that erosion is an active process in the formation of a terrain (V-valley) in a river landscape.

They use all the information gathered for the written report for which they can achieve up to 20% in the Leaving Certificate. They went up to Kippure Education Estate to do it.



### Wellbeing phrase of the week

I've learned over the years that when the mind is made up this diminishes fear. Knowing what must be done destroys fear (Rosa Parks).

### Important dates

**12 Jan:** Injections for First Year students

**13 Ean:** Training Day – school closed for students

**22 Jan:** $5^{th}$ Yr PTM

**29 Jan:** $2^{nd}$ Yr PTM

**26 Feb:** $1^{st}$ Yr PTM

All up-to-date info is on www.gccd.ie.

### Saying of the week (16):

The fox is not fooled twice.